# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Innealtóireacht

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission

## Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2022


# Innealtóireacht

Comhleibhéal

## SCÉIM MHARCÁLA
## Scrúdú Scríofa agus an Tionscadal









# Scrúdú Scríofa - Scéim Marcála agus Freagraí Samplacha

## 120 Marc - Freagair na ceisteanna go léir

**Nóta: Níl sna freagraí a chuirtear i láthair ach samplaí.**
**Tá glacadh le freagraí eile atá bailí agus déantar iad a mharcáil dá réir sin.**

### Ceist 1 (25 mharc)

**(a)** (i) Cur Síos @ 3 mharc
(ii) Úsáid @ 2 mharc

**(b)** (i) Cúis @ 2 mharc
(ii) Tarraingt @ 3 mharc

**(c)** (i) Míniú @ 4 mharc
(ii) Dhá chúis @ 2 + 1 mharc (3 mharc)
(iii) Dhá chúis @ 2 + 1 mharc (3 mharc)

**(d)** (i) Cur Síos @ 3 mharc
(ii) Dhá úsáid @ 1 mharc an ceann (2 mharc)

### Ceist 2 (32 marc)

**(a)** Dhá cheann meaitseáilte @ 1 mharc an ceann (2 mharc)

**(b)** (i) Dhá thionchar @ 1 mharc an ceann (2 mharc)
(ii) Buntáiste amháin @ 1 mharc
Míbhuntáiste amháin @ 1 mharc
(iii) Dhá ghné @ 1 mharc an ceann (2 mharc)

**(c)** (i) Ábhar ceart @ 1 mharc
(ii) Buntáistí @ 1 + 1 mharc (2 mharc)
(iii) Míniú @ 2 mharc

**(d)** (i) Aicme cheart @ 2 mharc
(ii) Airí amháin ainmnithe @ 1 mharc
(iii) Míniú @ 2 mharc

**(e)** (i) Míniú @ 1 mharc
(ii) Airí amháin @ 1 mharc
(iii) Cur Síos @ 3 mharc
(iv) Ainm @ 2 mharc
(v) Míniú @ 3 mharc

**(f)** Tionchar dearfach amháin @ 2 mharc
Tionchar diúltach amháin @ 2 mharc

### Ceist 3 (37 marc)

**(a)** (i) Míniú @ 2 mharc
(ii) Cur Síos @ 3 mharc
(iii) Míniú @ 4 mharc

**(b)** (i) Míniú @ 2 mharc
(ii) Ainm @ 1 mharc
(iii) Siombail @ 1 mharc
Tábla críochnaithe @ 3 mharc

**(c)** (i) Míniú @ 2 mharc
(ii) Dhá fhoinse @ 1 mharc an ceann (2 mharc)

**(d)** Dearadh @ 3 mharc
Sceitse rindreáilte @ 3 mharc

**(e)** (i) Sé chomhbhall meaitseáilte @ 1 mharc an ceann (6 mharc)
(ii) Siombail Tarraingthe @ 2 mharc
(iii) Dhá réamhchúram sábháilteachta 2 + 1 mharc (3 mharc)

### Ceist 4 (26 marc)

**(a)** Tábla críochnaithe @ 3 mharc

**(b)** Dhá airí @ 1 mharc each (2 mharc)

**(c)** (i) Míniú @ 3 mharc
(ii) Cúis amháin @ 2 mharc
(iii) Buntáiste amháin @ 2 mharc
(iv) Trí phróiseas @ 1 mharc an ceann (3 mharc)

**(d)** (i) Míniú @ 3 mharc
(ii) Dhá phlaisteach theirmithéachtacha @ 1 mharc an ceann (2 mharc)

**(e)** Cur síos @ 3 mharc; Léaráid @ 3 mharc

**Ceist 1** **(25 mharc)**

(a) Úsáidtear teicneolaíocht Chóras Suite Domhanda (GPS) go forleathan i gcúrsaí spóirt.



Imreoir rugbaí atá feistithe le rianaire GPS

(i) Luaigh úsáid amháin eile le haghaidh teicneolaíocht GPS, seachas an spóirt.

| |
|---|
| Cur síos: Úsáidtear rianairí GPS i gcúrsaí spóirt |
| chun gluaiseacht imreora ar an bpáirc a rianú agus |
| chun cuid mhór sonraí a bhailiú ar a fheidhmíocht |
| ar nós luas a reatha, an fad a thaistilíonn an |
| t-imreoir ar an bpáirc chomh maith le minicíocht |
| na dtuairteanna a tharlaíonn i gcluiche. |

**Cur síos @ 3 mharc**

(ii) Luaigh úsáid amháin eile le haghaidh teicneolaíocht GPS, seachas an spóirt.

| |
|---|
| Úsáid: Úsáidtear teicneolaíocht GPS chun suíomh cruinn a aimsiú, ag dul ó shuíomh |
| amháin go suíomh eile (loingseoireacht satailíte i gcarranna), gluaiseacht réada agus |
| daoine a rianú agus monatóireacht a dhéanamh orthu (beartán a rianú), léarscáilíocht |
| trí léarscáileanna den domhan a chruthú (Google Maps) agus uainiú trí uainiú cruinn |
| a thabhairt don domhan (úsáideann uainiú le haghaidh spóirt ardluais uainiú GPS). |

**Úsáid @ 2 mharc**

**(b)** (i) Dearadh an forc a thaispeántar go speisialta le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas. Cén fáth a bhfuil cos an fhoirc déanta as cúr?


| |
|---|
| Cúis: Tá an hanla cúrphlaisteach deartha chun |
| tuilleadh greama a sholáthar dóibh siúd a bhfuil |
| deaslámhacht theoranta acu. Tá dromchla |
| neamhsciorrach ar an gcúrphlaisteach tiubh |
| bog agus téann sé isteach go compordach |
| daingean i mbos lámh an úsáideora. |

**Cúis @ 2 mharc**



*Forc a bhfuil cos chuartha chúir aige*

(ii) Tarraing gné bhreise a d'fhéadfadh feabhas a chur ar dhearadh an fhoirc a thaispeántar thíos.



**Tarraingt @ 3 mharc**

**(c)** (i) Mínigh cén fáth a bhfuil ballaí dúbailte ag an mbuidéal cruach dosmálta uisce a thaispeántar.

| |
|---|
| Míniú: Coinníonn struchtúr balla dúbailte an t-uisce |
| fionnuar toisc go n-inslíonn sé an t-uisce ó athruithe |
| seachtracha teochta. Seachnaítear sceitheadh freisin má |
| hiteann an buidéal nó má pholltar an balla amuigh trí |
| thimpiste. |
| |

**Míniú @ 4 mharc**

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil ballaí dúbailte ag an mbuidéal cruach dosmálta uisce a thaispeántar.

| |
|---|
| Cúis 1: Cinntíonn láithreacht cróimiam i gcóimhiotal na |
| cruacha dosmálta ardfhriotaíocht in aghaidh an |
| chreimthe, rud a chiallaíonn go bhfuil sé oiriúnach mar |
| árthach le haghaidh uisce agus leachtanna eile. |
| Cúis 2: Tá cruach dhosmálta friotaíoch in aghaidh |
| smál. Cabhraíonn sé seo chun iomadú baictéar agus fás |
| múscáin a sheachaint. |

**Cúis 1 @ 2 mharc, Cúis 2 @ 1 mharc**



*Buidéal cruach dosmálta uisce le ballaí dúbailte*

(iii) Tá na timbléirí alúmanaim a thaispeántar anóidithe. Luaigh dhá chúis le halúmanam a anóidiú.

| |
|---|
| Cúis 1: Cruthaíonn anóidiú brat crua frithchnaíte |
| a chosnaíonn an t-alúmanam, a chillaíonn go mbeidh |
| sé níos buanfasaí agus níos marthanaí. |

**Cúis @ 2 mharc**

| |
|---|
| Cúis 2: Is feidir anóidiú a dhéanamh le réimse |
| dathanna, rud a chiallaíonn gur féidir cuma níos |
| tarraingtí a chur ar earraí alúmanaim, |

**Cúis @ 1 mharc**




Timbléirí alúmanaim anóidithe

**(d)** (i) Úsáidtear an solanóideach a thaispeántar in oibríocht Thionscadal Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí 2022, Mionsamhail de Mheaisín Mirlíní . Déan cur síos ar oibríocht solanóidigh.

| |
|---|
| Cur síos: Tá solanóideach déanta de corna de shreang |
| a casadh timpeall ar chroíleacán inghluaiste. Nuair a |
| ionduchtaítear sruth leictreachais foirmíonn réimse |
| maighnéadach timpeall ar an gcorna. Cuireann an réimse |
| maighnéadach seo an suncaire (armatúr) sa chroíleacán |
| ag gluaiseacht, agus mar sin aistrítear fuinneamh |
| leictreach go fuinneamh meicniúil. Féadfar gluaiseacht |
| an armatúir a úsáid chun réad eile a bhrú, a tharraingt |
| nó a scaoileadh. |

**Cur síos @ 3 mharc**

*Solanóideach JSO - 0420L*



*Tionscadal Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí 2022, Mionsamhail de Mheaisín Mirlíní*

(ii) Ainmnigh dhá úsáid ar bith eile atá a solanóideach.

| |
|---|
| Úsáid 1: Feidhmíonn glais dorais in óstáin trí |
| sholanóideach leictreamaighnéadach a úsáid ina |
| meicníochtaí. |

**Úsáid @ 1 mharc**

| |
|---|
| Úsáid 2: Úsáideann meaisíní le haghaidh |
| deochanna te, a dháileann tae, caife agus |
| deochanna eile, comhlaí solanóidigh chun |
| gluaiseacht leachtanna a rialú. |

**Úsáid @ 1 mharc**

**Ceist 2** **(32 marc)**

*Ar feadh na gcéadta bliain, bhain innealtóirí úsáid as réitigh nuálacha innealtóireachta chun fadhbanna a réiteach don tsochaí agus chun caighdeán na beatha a fheabhsú do dhaoine.*




**(a)** Tá triúr den chúigear aireagóirí a thaispeántar thíos meaitseálaithe lena gcuid aireagán faoi seach. Meaitseáil an bheirt eile lena gcuid aireagán.




Stephanie Kwolek




An tOir. Nicholas Callan



John P Holland



Henry Ford



Steve Jobs


eolaí Éireannach agus Ollamh le Fealsúnacht Nádúrtha i gColáiste Mhá Nuad a bhain ardcháil amach as a chuid oibre ar an gcorna ionduchtúcháin.



innealtóir Éireannach a d'fhorbair an chéad fhomhuireán, a tógadh ar bhonn tráchtála, a choimisiúnaigh cabhlach SAM go foirmiúil.



ceimiceoir Meiriceánach a bhain cáil amach as Kevlar a aireagadh agus snáithín sintéiseach a bhfuil neart, righneas agus friotaíocht teasa eisceachtúil ag baint leis.



aireagóir, dearthóir agus fiontraí Meiriceánach ar chomhbhunaitheoir Apple Computers é agus a d'fhorbair an iPod, iPhone agus iPad.



Éireannach-Meiriceánach, a bhunaigh Cuideachta Ghluaisteáin ina ainm féin, a d'fhorbair teicníc na líne cóimeála don olltáirgeadh le haghaidh an ghluaisteáin Model T dá chuid.



**Meaitseáil @ 1 mharc + 1 mharc**

**(b)** (i) Luaigh dhá thionchar a imríonn gluaisteáin (carranna) ar an tsochaí.

Tionchar 1: Thug gluaisteáin (caranna) saoirse gluaiseachta agus soghluaisteachta níos fearr do shochaithe, ach go Jháirithe iad siúd lonnaithe i suíomhanna iargúlta.

**Tionchar @ 1 mharc**

Tionchar 2: Cruthaíonn gluaisteáin rátaí níos aired de thruailliú don timpeallacht, rud atá ina chúisle minicíocht níos mó de dhrochsláinte sa tsochaí.

**Tionchar @ 1 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin agus ar mhíbhuntáiste amháin a bhaineann le holltáirgeadh san innealtóireacht.

| |
|---|
| Buntáiste: Méadaíonn olltáirgeadh éifeachtúlacht |
| an táirgthe agus laghdaíonn sé costais. |
| |

**Buntáiste @ 1 mharc**

| |
|---|
| Míbhuntáiste: Costais arda nuair atáthar ag socrú |
| suas, níos mó truaillithe ó rótháirgeadh agus níos |
| mó dífhostaíochta. |

**Míbhuntáiste @ 1 mharc**



Olltáirgeadh carranna

(iii) Sainaithin dhá ghné a bhaineann le dearadh carranna nua-aimseartha a laighdaíonn an tionchar a imríonn said ar an timpeallacht.

| |
|---|
| Gnéithe 1: Cabhraíonn feabhsuithe ar dhearadh an innill agus barainneacht breosla |
| chun an tionchar atá ag carranna ar an timpeallacht a laghdú. |
| |
| Gnéithe 2: Laghdóidh an ghluaiseacht chun carranna hibrideacha agus carranna |
| leictreacha a dhearadh agus a fhorbairt an tionchar timpeallachta atá ag |
| caranna. |

**Gnéithe @ 1 mharc + 1 mharc**

**(c)** (i) Ciorclaigh an t-ábhar ceart atá cóimhiotalaithe le hiarann chun cruach a dhéanamh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Alúmanam** | **Sileacón** | **Carbón** | **Luaidhe** |

**1 mharc**

(ii) Úsáidtear cóimhiotal cruach in a lán feidhmeanna innealtóireachta.
Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann le cóimhiotail a úsáid san innealtóireacht.

| |
|---|
| Buntáiste 1: Nuair a chóimhiotalaítear ábhair feabhsaítear airíonna na n-ábhar sin. |
| Cuirtear feabhas ar airíonna ar nós nirt, cruais agus friotaíocht in aghaidh an |
| chreimthe mar gheall ar chóimhiotalú. |
| |
| Buntáiste 2: Méadaítear raon úsáidí na n-ábhar sin nuair a chóimhiotalaítear iad. |
| |

**Buntáiste @ 1 mharc + 1 mharc**

(iii) Mínigh cén fáth a ndéantar rothaí uirlise foirbeacháin as cruach ardluais (HSS).

| |
|---|
| Míniú: Is éard is cruach ardluais atá inti ná cruach |
| uirlise le cruas ard, buaine ard agus friotaíocht ard in |
| aghaidh an teasa. Cinntíonn na hairíonna seo go mbeidh roth |
| na huirlise foirbeacháin in ann ábhair eile a ghearradh agus |
| faobhar maith gearrtha a choinneáil ar feadh tréimhse fada. |
| |
| |



Uirlis foirbeacháin le rothaí HSS

**Míniú @ 2 mharc**

**(d)** (i) Ciorclaigh an grúpa miotail ceart le haghaidh copair.


| | |
|---|---|
| **Miotal feiriúil** | **Miotal neamhfheiriúil** |

**2 mharc**

(ii) Úsáidtear sreang chopair i ndéantús corna ionduchtúcháin. Ainmnigh airí amháin de chuid copair a dhéanann oiriúnach é le haghaidh déantús sreinge.

| |
|---|
| Airí: Is ábhar insínte é copar |

**Airí @ 1 mharc**



*Corna ionduchtúcháin*

(iii) An píosa dealbhóireachta a thaispeántar, tá sé déanta as cré-umha ar cóimhiotal de chopar agus de stán é. Mínigh cén fáth gur miotail oiriúnach é cré-umha le haghaidh an phíosa dealbhóireachta seo.


| |
|---|
| Míniú: Úsáidtear cré-umha go forleathan chun |
| dealbha istigh agus dealbha amuigh a mhonarú. Tá |
| leáphointe sách íseal ag cré-umha, rud a chiallaíonn go |
| bhfuil sé éasca le leá agus le dealbhú chun cruthanna |
| tarraingteacha a fhoirmiú. Ní thagann meirg nó ní |
| Tharlaíonn creimeadh le cré-umha, rud a chiallaíonn go |
| bhfuil sé oiriúnach le húsáid lasmuigh. Is ábhar gléineach |
| tarraingteach é cré-umha, rud a chiallaíonn go bhfuil sé |
| oiriúnach mar ábhar dealbhóireachta. |
| |



*An 'Sféar Pomodoro'*
*Coláiste na Trionóide,*
*Baile Átha Cliath*

**Míniú @ 2 mharc**

**(e)** (i) Úsáidtear boinn neomatach atá treisithe le Kevlar ar rothair agus ar charranna. Mínigh an téarma *neomatacha*.




| |
|---|
| Míniú: Is téarma é an téarma 'neomatach' |
| a bhaineann le córais a úsáideann aer |
| comhbhrúite. Cuirtear 'boinn neomatacha' ar |
| bhoinn a theanntar le haer comhbhrúite agus |
| úsáidtear iad ar an gcuid is mó d'fheithiclí nua. |
| |

**Míniú @ 1 mharc**

(ii) Luaigh airí amháin de chuid Kevlar a dhéanann oiriúnach é do bhoinn neomatacha.

| |
|---|
| Airí: Sárneart agus sár-righneas. |

**Airí @ 1 mharc**

(iii) Taispeántar thall cromán troitheáin Kevlar priontáilte 3T.
Déan cur síos ar an bpróiseas déantúsaíochta breiseánach priontáilte 3T.

| |
|---|
| Cur síos: Is éard atá i gceist le priontáil 3T nó |
| déantúsaíocht bhreisithe ná próiseas ina ndéantar earraí |
| soladacha tríthoiseacha ó chomhad digiteach. I bpróiseas |
| breisithe, cruthaítear earra trí shraitheanna d'ábhar a chur |
| ar a chéile go dtí go gcruthaítear an t-earra. Is féidir |
| smaoineamh ar gach ceann de na sraitheanna seo mar |
| thrasghearradh mionshlisnithe den tionscadal. Ligeann |
| priontáil 3T duit cruthanna casta a dhéanamh le níos lú |
| ábhar ná modhanna traidisiúnta monaraithe. Úsáidtear |
| priontáil 3T chun táirgí tomhaltais ar nós spéaclaí, coisbhirt, |
| troscáin, táirgí tionsclaíocha, earraí próistéiteacha agus |
| fréamhshamhlacha a tháirgeadh. |
| |

*Cromán troitheáin Kevlar priontáilte 3T*





**Cur síos @ 3 mharc**

(iv) Ainmnigh an mheicníocht tiomána rothair a thaispeántar.

Ainm: Is meicníocht slabhra agus sproicéid í an mheicníocht a thaispeántar

**Ainm @ 2 mharc**



*Meicníocht tiomána rothair*

(v) Explain why oil is applied to this drive mechanism.

Míniú: Cuirtear ola ar mheicníocht slabhra agus sproicéid chun caitheamh a laghdú idir comhbhaill a thadhlaíonn a gcéile agus iad ag gluaiseacht. Cabhraíonn ola chun an torann a chruthaíonn na páirteanna a gluaisteacha seo a laghdú.



*Ola á cur ar le slabhra rothair*

**Míniú @ 3 mharc**

**(f)** Tabhair breac-chuntas ar thionchar dearfach amháin agus ar thionchar diúltach amháin atá ag gléasanna móibíleacha pearsanta ar an tsochaí.

Tionchar dearfach: Cuireann gléasanna pearsanta móibíleacha é ar chumas daoine ar dhá dheann an domhain chun a bheith ceangailte go fíorúil ar líne.

**2 mharc**

*Gléas móibíleach pearsanta*



Tionchar diúltach: Is féidir cásanna de bhulaíocht ar líne éirí as cásanna ina mí-úsáidtear gléasanna pearsanta móibíleacha.

**2 mharc**

**Ceist 3** **(37 marc)**

*Is é atá sa Bird Buddy ná beathadán éan cliste a chuimsíonn gnéithe amhail ceamara ardtaifigh agus micreafón ionsuite chun speiceas éin a aithint agus físeán beo a shruthú chuig aip mhóibíleach.*




**(a)** (i) Tá an *Bird Buddy* déanta as polapróipiléin athchúrsáilte.

Mínigh cén fáth gur ábhar oiriúnach í polapróipiléin don bheathadán éan.

| |
|---|
| Míniú: Is ábhar sách saor í polapróipiléin ar féidir í a dhealbhú go héasca. |
| Tá polapróipiléin ar fáil i réimse dathanna tarraingteacha. Tá polapróipiléin |
| oiriúnach le húsáid amuigh faoin aer in go leor cineálacha aimsire. |

**Míniú @ 2 mharc**

(ii) Déan cur síos ar na céimeanna is gá chun díon an *Bird Buddy* a thaispeántar a mharcáil amach agus a mhúnlú go cruinn.




*Díon an Bird Buddy*

| |
|---|
| Cur síos: Marcáil amach:Déan tomhais d'fhad arb |
| ionann é agus ga an chúinne (20mm), isteach ó |
| gach imeall, chun lár gach ciorcail i ngach cúinne |
| a aimsiú. Ag úsáid an lár a fuarthas |
| tarraing an ga. Marcáil líne ingearach fillte a |
| bhfuil an fad céanna idir í agus an dá |
| imeall (ar thaobh na láimhe deise agus ar |
| thaobh na láimhe clé) den ábhar. |
| Chun é a dhealbhú: Gearr agus líomh na himill agus maoiligh na cuartha R20. |
| Déan líomhadh tarraingthe ar gach imeall chun bailchríoch ard a chur orthu. |
| Lúb feadh an lárlíne é ag 60° le stiallteitheoir. |

**Cur síos @ 3 mharc**

(iii) Mínigh conas is féidir díon an *Bird Buddy* a lúbadh go cruinn i gcruth.


| |
|---|
| Míniú: Téigh an t-ábhar polaiméire feadh líne an fhillte le stiallteitheoir. |
| Agus é bog, is féidir an t-ábhar a lúbadh chun an cruth atá ag teastáil a dhéanamh. |
| Seiceáiltear cruinneas na lúibe le huillinntomhas innealtóra. |
| |
| |

**Míniú @ 4 mharc**

**(b)** (i) Úsáideann an *Bird Buddy* geata loighce digiteach agus teicneolaíocht chliste chun foláireamh a thabhairt don úsáideoir nuair is gá na coimeádáin bia a athlíonadh. Mínigh an téarma teicneolaíocht chliste.

Míniú: Is éard atá i gceist le Féinmhonatóireacht, Anailís agus Teicneolaíocht Tuairiscithe ná gléas cliste (gléas leictreonach), atá ceangailte le gléasanna eile nó líonraí eile, trí úsáid a bhaint as m.sh, Bluetooth nó Wi-Fi, agus is féidir leis feidhmiú go hidirghníomhach.

**Míniú @ 2 mharc**




Tá an t-eolas seo a leanas cuí chun an foláireamh athlíonta bia a ghníomhachtú.

Síol éan lán = Loighic Leibhéal 0
Síol éan íseal = Loighic Leibhéal 1
Leibhéal uisce lán = Loighic Leibhéal 0
Leibhéal uisce íseal = Loighic Leibhéal 1


(ii) Ainmnigh an geata loighce is oiriúnaí chun an aip foláirimh a ghníomhachtú nuair a bhíonn ceachtar den dá chóras bheathaithe ídithe.

Name: Geata OR

**1 mharc**

(iii) Tarraing an tsiombail don gheata loighce seo agus críochnaigh an tábla fírinne.

Siombail Gheata Loighce



**Siombail @ 1 mharc**

| Ionchur 1 | Ionchur 2 | Aschur |
|---|---|---|
| 1 | 0 | 1 |
| 0 | 1 | 1 |
| 1 | 1 | 1 |
| 0 | 0 | 0 |

**Críochnaithe @ 3 mharc**

**(c)** (i) Taispeántar ceangaltán grianphainéil le haghaidh an *Bird Buddy*. Déan cur síos ar conas a úsáidtear an grianphainéal chun ciorcad leictreonach a chumhachtú.

Cur síos: Aistríonn painéil ghréine fuinneamh solais go fuinneamh leictreach. Oibríonn siad trí ligeann d'fhótóin (cáithníní solais) leictreoin a bhuaileadh amach ó adaimh agus mar gheall air sin gintear fuinneamh leictreach. Úsáidtear an fuinneamh a ghintear chun cumhacht a sholáthar le táirge.



*Ceangaltán grianphainéil*

**Cur síos @ 2 mharc**

(ii) Ainmnigh dhá fhoinse eile fuinnimh in-athnuaite.

| |
|---|
| Foinse 1: Cumhacht / fuinneamh gaoithe |

**1 mharc**

| |
|---|
| Foinse 2: Cumhacht / fuinneamh taoide |

**1 mharc**

**(d)** Agus sceitseáil rindreáilte á húsáid, tarraing dearadh do bhrac balla-fheistithe gur féidir an *Bird Buddy* a chur.

*Sceitse rindreáilte de do dhearadh*












**Dearadh @ 3 mharc, Sceitse rindreáilte @ 3 mharc**

**(e)** D'fhéadfadh an comhbhall leictreonach a thaispeántar thíos a bheith cuimsithe in aonad rialaitheora ciorcaid.





(i) Meaitseáil an uimhir leis an gcomhbhall leictreonach ceart sa tábla thíos.

| Comhbhall Leictreonach | Uimhir |
|---|---|
| Lasc Air/As | 6 |
| Toilleoir | 1 |
| LED | 2 |
| Trasraitheoir | 4 |
| Friotóir | 3 |
| Clár Ciorcad Priontáilte | 5 |

**1 mharc an ceann**

(ii) Tarraing an tsiombail leictreonach le haghaidh LED.

*Tarraing an tsiombail*



**Siombail @ 2 mharc**

(iii) Luaigh dhá réamhchúram shábháilteachta is ceart a chomhlíonadh nuair a bhíonn comhbhall leictreonach á shádráil ar Clár Ciorcad Priontáilte.

Réamhchúram sábháilteachta 1: Cuir an t-iarann sádrála ar ais ar an seastán nuair nach bhfuil sé in úsáid.

**2 mharc**

Réamhchúram sábháilteachta 2: Coinnigh an spúinse glanta fliuch agus é á úsáid.

**1 mharc**

**Ceist 4** **(26 marc)**

*Imríonn teicnící nua-aimseartha innealtóireachta ról tábhachtach i gcúrsaí fóillíochta agus caitheamh aimsire.*



**(a)** Baineann na trí théarma innealtóireacht seo a leanas le dearadh cláir scátála.

| Leicneán | Lannú | Imthaca |
|---|---|---|

Críochnaigh an tábla thíos tríd an téarma is oiriúnaí a chur isteach in aice leis an gcur síos ar an téarma.

| Téarma | Cur síos ar na Téarmaí Innealtóireachta |
|---|---|
| Lannú | An próiseas a bhaineann le hábhar a dhéanamh in ilsraitheanna, agus ábhar a chruthú le hairíonna feabhsaithe. |
| Imthaca | Gléas a thacaíonn le páirteanna gluaisteacha agus a ligeann dóibh bogadh níos míne trí fhriotaíocht a laghdú. |
| Leicneán | Fáinne beag cothrom de mhiotal, rubar nó plaisteach a chuirtear thar bholta sula gcuirtear cnó isteach. |

**Críochnaithe i gceart @ 3 mharc**


**(b)** Luaigh dhá airí dheic an chláir scátála a gcuireann próiseas lannaithe le linn déantúsaíochta feabhas orthu.

Airí 1: Is féidir le lannú an neart atá ag ábhar a mhéadú agus táirge á dhéantúsú.


**1 mharc**

Airí 2: Is féidir le lannú an righneas agus an tsolúbthacht d'ábhar atá i dtáirge a fheabhsú.

**1 mharc**



**(c)**




(i) Mínigh cén fáth gur greamachán an modh is oiriúnaí chun an t-ábhar téip-ghreama a cheangal de dheic cláir scátála.

| |
|---|
| Míniú: Úsáidtear greamachán toisc go gclúdaíonn sé an t-achar iomlán de gach |
| dromchla atá le ceangal agus mar sin de cinnteofar greamú cothrom den téip |
| greamaithe le deic an chláir scátála. |

**Míniú @ 3 mharc**

(ii) Luaigh cúis amháin le glaschnó a úsáid i gcóimeáil an rotha i gclár scátála.

| |
|---|
| Cúis: Tarlaíonn creathanna agus tuairteanna leanúnacha le cláir scátála. |
| Cinnteoidh an t-ionsáiteán níolóin atá sa ghlaschnó nach tiocfaidh an chóimeáil |
| rotha as a chéile ó chreathanna agus tuairteanna den chineál sin. |

**Cúis @ 2 mharc**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin a bhaineann le scriú Allen CSK a úsáid le haghaidh cóimeáil dheic an chláir scátála don phláta boinn.

| |
|---|
| Buntáiste: Cinntíonn an soicéad heicseagánach go dteanntar an |
| scriú Allen go héasca, gan sciorradh, le hEochair Allen. Cinntíonn an |
| ceann leacaithe (CSK) go mbeidh an scriú cothrom (leibhéalta) le |
| dromchla dheic an chláir scátála. |




Scriú Allen CSK

**Buntáiste @ 2 mharc**

(iv) Liostaigh trí phróiseas deile a úsáidtear chun boscóid cláir scátálaa dhéanamh.

| | |
|---|---|
| 1: Scoitheadh fásála | **1 mharc** |
| 2: Deileadh comhthreomhar | **1 mharc** |
| 3: Deileadh barrchaolaithe | **1 mharc** |



*Boscóid cláir*

**(d)** Déantar roth an chláir scátála a thaispeántar as an polaiméir theirmithéachtach polúireatán.

(i) Mínigh an téarma teirmithéachtach.


| |
|---|
| Míniú: Is éard atá i gceist le plaisteach |
| teirmithéachtach ná polaiméir a éiríonn dolúbtha go buan |
| nuair a théitear í. Ní athrófar cruth nó cruas an ábhair |
| phlaistigh de bharr téamh a tharlaíonn ina dhiaidh sin. |

**Míniú @ 3 mharc**




Roth cláir scátála

(ii) Ciorclaigh an dá tháirge phlaisteacha a dhéantar as plaistigh theirmithéachtacha.

**1 mharc** **1 mharc**

**(e)** Is é is brí le huaschúrsáil ná an próiseas faoina n-athraítear seachtháirgí, dramhábhair, nó táirgí nach bhfuil ag teastáil ina dtáirgí nua a bhfuil caighdeán níos fearr acu.



Déan cur síos, le cúnamh léaráide, ar úsáid uaschúrsáilte do dheic an cláir scátála.

| |
|---|
| Cur síos: Féadfar cláir scátála a |
| uaschúrsáil chun réimse earraí nua nó |
| earraí de chaighdeán níos airde a chruthú |
| atá in ann feidhmeanna nua a |
| chomhlíonadh, mar shampla, suíocháin, |
| suiteacha solais seilfre agus staighrí mar |
| a léirítear in aice seo. |
| |
| |
| |
| |

**Cur síos @ 3 mharc**


*Léaráid*








**Léaráid @ 3 mharc**



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**State Examinations Commission**

# Tionscadal le haghaidh Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí - Mionsamhail de Mheaisín Mirlíní - Scéim Mharcála 2022







**Roinn 1: Mionsamhail Chomhlánaithe** (‘Eilimint Dhearaidh’ nach bhfuil san áireamh)





| ***Ceannteidil*** | ***Cur Síos*** | ***Marc*** |
|---|---|---|
| **Cóimeáil** | Grádú Suibiachtúil 1 – 20 | **20** |
| **Bailchríoch** | Grádú Suibiachtúil 1 – 20 | **20** |
| **Feidhmiú Mheicniúil** | Grádú Suibiachtúil 1 – 15 | **15** |
| **Feidhmiú Leictreach** | Grádú Suibiachtúil 1 – 15 | **15** |
| | **Roinn 1 - Iomlán** | **70** |



**Roinn 2: *‘Eilimint Dhearaidh’*** (Ní gá i gcás 2022)

| | | |
|---|---|---|
| | **Roinn 2 - Iomlán** | **--** |

**Roinn 3:**

| ***Ceannteidil*** | ***Cur Síos*** | | ***Marc*** |
|---|---|---|---|
| **Páirt 1 -** Spásaire Mótar Ardaitheora  | A mharcáil amach, a dhruileáil & a dheilbhiú | *5* | **10** |
| **Páirt 2 -** Taca Rian  | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú & a lúbadh | *5* | |
| **Páirt 3 -** Brac Crannóige  | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú & a lúbadh | *5* | **5** |
| **Páirt 4 -** Crannóg  | An barrchaolú inmheánach a mheaisíniú | *5* | **10** |
| | A mharcáil amach, a dhruileáil & a tapa | *5* | |
| **Páirt 5 -** Taca Ardaitheora  | A mharcáil amach & a dhruileáil | *5* | **15** |
| | A dheilbhiú, na sliotáin & a lúbadh | *10* | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Páirt 6 -** Ardaitheoir Mirlíní  | A mharcáil amach, a dhruileáil & a dheilbhiú | *10* | **10** |
| **Páirt 7 -** Fáinne Seachtrach  | A mharcáil amach, a dhruileáil & a tapa | *5* | **10** |
| **Páirt 10 –** Fáinne Ardáin  | A mharcáil amach, a dhruileáil & a tapa | *5* | |
| **Páirt 8 -**Tollán  | A mharcáil amach, a mheaisíniú & a dhruileáil | *5* | **10** |
| **Páirt 9 –** Brac Fáinne Seachtrach  | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú & a lúbadh | *5* | |
| **Roinn 3 – Iomlán** | | | **70** |
| **Section 4:** | | | |
| ***Ceannteidil*** | ***Cur Síos*** | | ***Marc*** |
| **Páirt 11 -** Ceam  | A mharcáil amach, a dhruileáil, CSK & a dheilbhiú | *5* | **10** |
| **Páirteanna 12 -** Taca Ardáin *× 4*  | A mheaisíniú & a dhruileáil | *5* | |
| **Páirt 13 -** Rian  | A mharcáil amach & a dhruileáil | *5* | **20** |
| | A dheilbhiú & a lúbadh | *15* | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Páirt 14 -** Bonn  | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa & a dheilbhiú | *10* | **10** |
| **Páirt 15 -** Ardán  | A mharcáil amach & a dhruileáil | *10* | **20** |
| | A dheilbhiú & a lúbadh | *10* | |
| **Páirt 16 -** Coinneálaí Bataire  | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú & a lúbadh | *5* | **10** |
| **Páirt 17** - Spásaire mótar ceama  | A mharcáil amach, a dhruileáil & a dheilbhiú | *5* | |
| **Roinn 4 – Iomlán** | | | **70** |
| **Móriomlán** | | | **210** |